Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission
Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

Teileafón: +353-90-64 42741. **Facs:**+353-90-647 3080. **Suíomh Gréasáin:** www.examinations.ie. **R-phost:** orals@examinations.ie

S100/12

Scrúdú Ardleibhéil na Gaeilge san Ardteistiméireacht in 2013 agus ina dhiaidh sin
Scrúdú Ardleibhéil na Gaeilge sa Teastas Sóisearach in 2013 agus ina dhiaidh sin

Chuig Údaráis Bhainistíochta na Scoileanna Dara Leibhéal

Dírítear aird na n-údarás scoile agus na múinteoirí Gaeilge ar na leasuithe a leanas a dhéanfar ar leagan amach agus ar mharcáil na rannóige 'Ceapadóireacht' ar Pháipéar 1 de scrúdú na Gaeilge Ardleibhéil san Ardteistiméireacht agus sa Teastas Sóisearach araon in 2013 agus sna blianta ina dhiaidh sin. Tá na leasuithe seo á ndéanamh le gur fearr a bheidh aidhmeanna an tsiollabais, leagan amach na scrúduithe agus próiseas na marcála ag freagairt dá chéile. I scrúduithe 2013 agus ina dhiaidh sin:

(a) An Ardteistiméireacht – Ardleibhéal

Beidh naoi dteideal i rannóg na Ceapadóireachta de Pháipéar 1 agus eagrófar faoi thrí cheannteideal iad. Beidh ar na hiarrthóirí freagairt mar leanas ar cheann AMHÁIN de na teidil as A, B nó C:

A – AISTE *nó* ALT NUACHTÁIN/IRISE – Beidh cúig theideal ann as ar féidir leis na hiarrthóirí teideal amháin a roghnú agus aiste nó alt nuachtáin/irise a scríobh faoi.

B – SCÉAL – Beidh dhá theideal ann as ar féidir leis na hiarrthóirí teideal amháin a roghnú agus scéal a scríobh faoi.

C – DÍOSPÓIREACHT *nó* ÓRÁID – Beidh dhá theideal ann, rún díospóireachta agus topaic i gcomhair óráide, as ar féidir leis na hiarrthóirí ceann amháin a roghnú agus scríobh faoi.

Is mar leanas a roinnfear an 100 marc a ghabhann leis an gCeapadóireacht: 20 marc ar an ábhar agus 5 mharc de sin le gnóthú as úsáid na stíle cuí scríbhneoireachta, agus 80 marc ar chumas na Gaeilge.

(b) An Teastas Sóisearach – Ardleibhéal

Beidh naoi dteideal i rannóg na Ceapadóireachta de Pháipéar 1 agus eagrófar faoi thrí cheannteideal iad. Beidh ar na hiarrthóirí freagairt mar leanas ar cheann AMHÁIN de na teidil as A, B nó C:

A – AISTE *nó* ALT NUACHTÁIN/IRISE– Beidh cúig theideal ann as ar féidir leis na hiarrthóirí teideal amháin a roghnú agus aiste nó alt nuachtáin/irise a scríobh faoi.

B – SCÉAL *nó* EACHTRA – Beidh dhá theideal ann, scéal agus eachtra, as ar féidir leis na hiarrthóirí ceann amháin a roghnú agus scríobh faoi.

C – DÍOSPÓIREACHT – Beidh dhá theideal ann as ar féidir leis na hiarrthóirí teideal amháin a roghnú agus óráid díospóireachta a scríobh faoi.

Is mar leanas a roinnfear an 50 marc a ghabhann leis an gCeapadóireacht: 10 marc ar an ábhar agus 2 mharc de sin le gnóthú as úsáid na stíle cuí scríbhneoireachta, agus 40 marc ar chumas na Gaeilge.

Tá na leasuithe sin le feiceáil san ábhar samplach atá in éineacht leis seo.

Tugtar do bhur n-aire nach bhfuil aon leasú déanta ar na scrúduithe Gnáthleibhéil san Ardteistiméireacht ná sa Teastas Sóisearach, ná ar an scrúdú Bonnleibhéil.

Cuirtear an ciorclán seo ar a súile do mhúinteoirí uile na hArdteistiméireachta agus an Teastais Shóisearaigh sa scoil, le bhur dtoil, mar beidh sé ag teacht i bhfeidhm sna scrúduithe i Meitheamh 2013.

Má tá aon cheist agaibh faoi seo, gabhaigí i dteagmháil le Coimisiún na Scrúduithe Stáit ag an uimhir 090 644 2741, le bhur dtoil.

Patricia Anderson
Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin
Nollaig 2012

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission
Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

Telephone: +353-90-64 42741. Fax:+353-90-647 3080. Web: www.examinations.ie. E-mail: orals@examinations.ie

S100/12

The Leaving Certificate Irish Examination at Higher Level for 2013 and thereafter
The Junior Certificate Irish Examination at Higher Level for 2013 and thereafter

To: Management Authorities of Second Level Schools

The attention of school authorities and teachers of Irish is directed to the following adjustments which will be made in respect of the structure and marking of the Ceapadóireacht Section within Paper I of the Higher Level Gaeilge examinations at both the Leaving Certificate and Junior Certificate for the 2013 examinations and thereafter. The rationale for these adjustments is to bring closer harmonisation between the syllabus aims, the structure of the examination and marking process. In the 2013 examinations and thereafter:

(a) Leaving Certificate Higher Level

The nine titles for the Ceapadóireacht Section of Paper I will be organised under three headings. Candidates will be required to answer on any ONE of the titles from EITHER A, B or C as follows:

A – AISTE *nó* ALT NUACHTÁIN/IRISE – will comprise five titles from which candidates may choose one on which to write an 'aiste' or an 'alt nuachtáin/irise'.

B – SCÉAL – will comprise two titles from which candidates may choose one on which to write a 'scéal'.

C – DÍOSPÓIREACHT *nó* ÓRÁID – will comprise two titles, a motion for a 'díospóireacht' and a topic for an 'óráid', from which candidates may choose to write on one.

The 100 marks assigned to the Ceapadóireacht Section will be allocated as follows: 20 marks for 'ábhar', of which 5 marks will be awarded for use of the appropriate writing style, and 80 marks for 'cumas na Gaeilge'.

(c) Junior Certificate Higher Level

The nine titles for the Ceapadóireacht Section of Paper I will be organised under three headings. Candidates will be required to answer on any ONE of the titles from EITHER A, B or C as follows:

A – AISTE *nó* ALT NUACHTÁIN/IRISE– will comprise five titles from which candidates may choose one on which to write an 'aiste' or an 'alt nuachtáin/irise'.

B – SCÉAL *nó* EACHTRA – will comprise two titles, a 'scéal' and an 'eachtra', from which candidates may choose to write one.

C – DÍOSPÓIREACHT – will comprise two titles from which candidates may choose one on which to write a speech for a 'díospóireacht'.

The 50 marks assigned to the Ceapadóireacht Section will be allocated as follows: 10 marks for 'ábhar', of which 2 marks will be awarded for use of the appropriate writing style, and 40 marks for 'cumas na Gaeilge'.

These changes are illustrated in the accompanying sample material.

Please note that there will be no changes to the Leaving Certificate or the Junior Certificate Gaeilge examinations at Ordinary and Foundation level.

Please bring this circular to the attention of all teachers of the Leaving Certificate and Junior Certificate Gaeilge in your school since it will come into effect with the examinations in June 2013.

If you have any queries please contact the State Examinations Commission at 090 644 2741.

Patricia Anderson
Higher Executive Officer
December 2012

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú na hArdteistiméireachta

Gaeilge – Ardleibhéal

Páipéar I

Leasuithe ar Roinn na Ceapadóireachta
ó 2013 ar aghaidh

Cuid II: Ceapadóireacht

Ábhar Samplach

Treoracha d'iarrthóirí

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.

Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.

CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN de ***A, B, nó C*** anseo thíos.
Nóta: Ní gá níos mó ná 500-600 focal nó mar sin a scríobh i gcás ar bith.

A – AISTE *nó* ALT NUACHTÁIN/IRISE – **100 marc**

Scríobh AISTE nó ALT NUACHTÁIN/IRISE ar CHEANN AMHÁIN de na hábhair seo.

(a) An Ghéarchéim sa chóras sláinte: Mo réiteach uirthi.
(b) Éire an lae inniu: Tír fháilteach oscailte í.
(c) An Choiriúlacht in Éirinn inniu: Bagairt mhór na linne seo.
(d) Is dream leisciúil iad an t-aos óg.
(e) Na dúshláin agus na féidearthachtaí atá roimh an gCumann Lúthchleas Gael.

B – SCÉAL – **100 marc**

Ceap SCÉAL a mbeadh do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo oiriúnach mar theideal air.

(a) Dóchas.
(b) Is i ndiaidh a chéile a thógtar na caisleáin.

C – DÍOSPÓIREACHT *nó* ÓRÁID – **100 marc**

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo.

(a) Scríobh *an chaint* a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son an rúin seo a leanas **nó** ina aghaidh:

Ba chóir d'Éireannaigh a bheith níos measartha ina gcuid ólacháin.

(b) Tá tusa ar tí an scoil a fhágáil. Iarrtar ort píosa cainte a dhéanamh leis na tuismitheoirí, leis na múinteoirí agus leis na daltaí ar an ábhar:

Fiúntas na scoile seo.

Scríobh an *píosa cainte* a dhéanfá ag an gcruinniú sin.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH

GAEILGE – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I

Leasuithe ar Roinn na Ceapadóireachta
ó 2013 ar aghaidh

Roinn IV: Ceapadóireacht

Ábhar Samplach

ROINN IV	CEAPADÓIREACHT	50 MARC

Scríobh freagraí ROINN IV i do fhreagarleabhar.

Ceist 3. Freagair do rogha **ceann amháin** de **A, B, C** anseo thíos.

(Ní gá níos mó ná leathanach go leith a scríobh.)

A. **AISTE *nó* ALT NUACHTÁIN/IRISE**

Scríobh ar do rogha ceann amháin díobh seo**.**

(i) Séasúir na bliana anseo in Éirinn.

(ii) Foireann sacair na hÉireann.

(iii) Na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le bheith cáiliúil.

(iv) Turas scoile a raibh mé air le déanaí.

(v) Ócáid mhór phoiblí in Éirinn le gairid.

B. **SCÉAL nó EACHTRA**

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:

(**i**) Ceap scéal a mbeadh an giota seo thíos oiriúnach mar **thús** leis:

" 'Is bulaíocht í sin. Tá mé chun rud éigin a dhéanamh faoi anois,' arsa m'athair liom."

(**ii**) Eachtra a tharla duit nuair a bhí tú ag dioscó le do chairde.

C. DÍOSPÓIREACHT

Maidir le do rogha **ceann amháin** de na rúin seo thíos, scríobh an chaint a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son *nó* in aghaidh an rúin sin:

(i) 'Bíonn laethanta saoire rófhada ag daltaí scoile sa samhradh.'

(ii) 'Ba cheart cosc a chur le húsáid an fhóin phóca in áiteanna poiblí.'